An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

# Carthanas Cláraithe a Fhoirceannadh agus a Dhíchlárú – Treoir Úsáideora

# User Guide – Winding up and De-registration of a Registered Charity

## Gaeilge

## English

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

Gaeilge

# User Guide – Winding up and De-registration of a Registered Charity

Use this form to notify the Charities Regulator that your charity is winding up. Please ensure you have read our 'Guidance on winding up a charity' before you proceed with completing and submitting this form.

## Complete the details tab

The name and registered charity number for the charity will be displayed at the top of the form.

Select the proposed method of winding up from the drop down list. Only one option can be selected from the list.

You must can then enter a short summary setting out the reason(s) for the decision to wind up.

You should upload any supporting documents or additional information using the upload files option. Depending on the circumstances, this could include a summary of steps taken to date, final accounts, copy of the plan for dealing with debts, surplus or assets, special resolution(s), notice of members, trustees or creditors meeting(s).

Please note documents for upload must be in PDF format and less than 10mb in size.

## Summary/Declaration

This tab provides a review of the information and asks you to certify that all the information provided has been checked by the trustees, is correct and is

complete to the best of your knowledge and that all trustees agree to this submission and have read and accept the privacy terms and Statement of Information Practices.

Once you are satisfied with this you can click on Preview to download a PDF of your information.

Then click on Submit to submit your application to the Charities Regulator.

The Charities Regulator will then review the submission and contact you regarding the next steps, this may include a meeting.

An Rialálaí Carthanas
Charities Regulator

English

# Carthanas Cláraithe a Fhoirceannadh agus a Dhíchlárú – Treoir Úsáideora

Bain úsáid as an bhfoirm seo chun fógra a thabhairt don Rialálaí Carthanas go bhfuil do charthanas á fhoirceannadh.

Déan cinnte de gur léigh tú an 'Treoir maidir le carthanas a fhoirceannadh' sula ndéanann tú an fhoirm seo a chomhlánú agus a chur isteach.

## Comhlánaigh an táb sonraí

Beidh ainm agus uimhir charthanais chláraithe an charthanais ar taispeáint ag barr na foirme.

Roghnaigh an modh ina bhfuil sé beartaithe an carthanas a fhoirceannadh ón liosta anuas.  Ní féidir ach rogha amháin a roghnú ón liosta.

Ní mór duit achoimre ghearr a iontráil ansin, rud ina leagtar amach an chúis/na cúiseanna leis an gcinneadh chun an carthanas a fhoirceannadh.

Ba cheart duit aon doiciméid tacaíochta nó aon fhaisnéis bhreise a uaslódáil ach úsáid a bhaint as an rogha 'uaslódáil comhaid'.  Ag brath ar na himthosca, d'fhéadfadh na nithe seo a leanas a bheith i gceist leis na doiciméid sin: achoimre ar na bearta a rinneadh go dtí seo; cuntais deiridh; cóip den phlean le haghaidh déileáil le fiachais, le barrachas nó le sócmhainní; rún/rúin speisialta; fógra faoi chruinniú/chruinnithe ball, iontaobhaithe nó creidiúnaithe.

Maidir le haon doiciméid atá le huaslódáil, tabhair faoi deara nach mór go mbeidh siad i bhformáid PDF agus go mbeidh níos lú ná 10 MB iontu.

## Achoimre/Dearbhú

Sa táb seo, tugtar forbhreathnú ar an bhfaisnéis agus iarrtar ort a dheimhniú gurb amhlaidh, maidir leis an bhfaisnéis ar fad atá tugtha, gur sheiceáil na hiontaobhaithe í, go bhfuil sí ceart agus go bhfuil sí iomlán de réir mar is fearr is eol duit agus go n-aontaíonn na hiontaobhaithe uile leis an aighneacht seo agus gur léigh siad na téarmaí príobháideachais agus an Ráiteas faoi Chleachtais Faisnéise agus gur ghlac siad leo.

A luaithe atá tú sásta leis sin, is féidir leat cliceáil ar Réamhamharc chun d’fhaisnéis a íoslódáil i bhformáid PDF.

Cliceáil ar Cuir isteach [s] ansin chun d’iarratas a chur faoi bhráid an Rialálaí Carthanas.

Caithfidh an Rialálaí Carthanas súil ar an aighneacht ansin agus déanfaidh sé teagmháil leat maidir leis na chéad chéimeanna eile, a bhféadfadh go mbeadh cruinniú i gceist leo.